

CEARDLANNA MAIDIR LE TÓGÁIL BALLAÍ CLOICHE

SNOÍODÓIREACTH

& GREANADH LITREACHA

Féile na gCloch | Inis Oírr, Oileáin Árann, Contae na Gaillimhe

Déardaoin, an 15
go dtí Dé Domhnaigh,
an 18 Meán Fómhair
2016



discoverinisoirr.com



CLÁR MEÁN FÓMHAIR 2016



Tráthnóna Déardaoin, an 15

Teacht le chéile ag áras an Chomharchumainn leis an obair agus spás oibre a leagan amach.

5i.n. –

6i.n. Cur in aithne agus cainteanna

Dé hAoine an 16

9r.n. – 4i.n. – Ceardlanna

5i.n. – 6i.n. – Caint

6i.n. – 7i.n.

Scannán: Teideal: 'Miles of Stone' - scannán faisnéise 52 nóiméad le Frameworks Films

Saturday 17th

9r.n. – 4i.n. – Ceardlanna

5i.n. – 6i.n. – Caint

6i.n. – 7i.n.

Scannán: Teideal: 'Miles of Stone' - scannán faisnéise 52 nóiméad le Frameworks Films

Sunday 18th

10r.n. –

1.00i.n. Siúlóid le Treoraí ar an oileán nó

10r.n. –

1.00i.n. Ceardlanna B & C (amháin)

discoverinisoirr.com



Anima Loki le Alexandra Morosco

Déardaoin, an 15

5i.n. - 6i.n.

Fáilte

Fáilte agus cur i láthair lucht na foirne agus an lucht teagaisc chomh maith le tuairisc achomair ar chlár an deireadh seachtaine.

Seoladh Leabhair & Léitheoireacht

'A life in Stone', seoladh leabhair agus sleachta á léamh ag Barry Feely as an leabhar den teideal céanna sin. Is den naoú glúin saortha cloch é Barry, iarstiúrthóir cuideachta (Feelystone) agus údar.

Sliocht as 'A Life in Stone'

"Working with limestone that held the secrets of millennia was a joy to me. It never stood still. It was a constant battle with nature; its cracks, stylolites, fossils, flint, white horses (cracks filled with white minerals and fossilised) were always a challenge. You had to be optimistic and believe the good block was in the next cut. There was no way of avoiding bad blocks; they had to be removed at the same cost as the good blocks. It was like the good summers, the good blocks were worth waiting for. We often think nature is chaotic but it is not. It has a pattern. Our challenge is to understand it."

Dé hAoine, an 16

5i.n. - 6i.n.

Talk

'Realising a Dream: Harvey Fite and Opus40'

Caint le Sean Adcock, máistirthógálaí ballaí cloiche as an mBreatain Bheag.

6i.n. - 7i.n.

Scannán

'Miles of Stone'

Scannán faisnéise 52 nóiméad le Framework Films ina ndéantar scrúdú ar thraidisiún 5,000 bliain de bhallaí cloiche in Éirinn. Tá sé dírithe ar Fhéile na gCloch a eagraítear gach bliain ar Inis Oírr, an t-oileán is lú de thrí oileán Árann amach ó chósta thiar na hÉireann. Tagann daoine le chéile ansin as gach cuid d'Éirinn, ón Eoraip agus as áiteanna níos faide ó bhaile go n-oibríonn siad in éineacht le muintir an oileáin agus le máistrí saoirseachta go gcuireann suas balla cloiche ar an oileán i rith thrí lá na Féile. Ríomhtar scéal dhaoine ar an mbealach chuig an bhFéile agus a dtarlaíonn ar an oileán lena linn sa scannán. Feictear roinnt den obair eile a dhéantar, mar shampla greanadh litreoireachta agus dealbhóireacht. Faightear léargas ar an stair atá le ballaí cloiche in Éirinn, an tábhacht atá leo mar chuid d'oidhreacht na tíre agus a bhfuil á dhéanamh lena chinntiú go gcaomhnaítear na scileanna a bhaineann le ballaí cloiche a thógáil agus go gcothaítear iad i measc na nglúnta atá le theacht.

Dé Sathairn, an 17

5i.n. - 6i.n.

Caint

'Stone, Earth, Fire and Water'

Stone, Earth, Fire and Water' caint le Nigel Copsey, saor cloiche/snoíodóir, fear údarásach maidir le meascán te moirtéal aoil as Yorkshire i Sasana.

6i.n. - 7i.n.

Scannán

'Miles of Stone'

Dé Domhnaigh, an 18

10r.n. - 1i.n.

Siúlóid Timpeall an Oileáin

Siúlóid timpeall an oileáin leis na treoraithe an Dr Patrick McGurn agus an Dr Amanda Browne ón Togra Feirmeoireachta Aran Life féach www.aranlife.ie



TEAGASCÓIRÍ

Currach's Portal le Alexandra Morosco



Alexandra Morosco
Snoíodóireacht
as Seattle, Washington, SAM



Tom Little
Greanadh Litreacha
Teagascóir le sairseacht/snoíodóireacht, Corcaigh, Éire



Nick Aitken
Ballaí Cloiche
Máistirthógálaí ballaí cloiche, Albain



Patrick McAfee
Ballaí Cloiche
Saor cloiche & údar, Baile Átha Cliath, Éire

Beidh roinnt saortha eile a bhfuil an-chleachtadh acu ar bhallaí cloiche a thógáil ar fáil chun tosaitheoirí a theagasc.

CAINTEOIRÍ

Barry Feely
Ros Comáin, Éire

Sean Adcock
An Bhreatain Bheag

Nigel Copsey
Yorkshire, Sasana



Ceardlann

Tógáil Ballaí Cloiche



Dé hAoine, an 16 Meán Fómhair (9r.n. - 4i.n.)

Dé Sathairn, an 17 Meán Fómhair (9r.n. - 4i.n.)

- Beidh balla cloiche de chineál Oileáin Árann a thógáil ina chuid de réimse oibre na ceardlainne seo.
- Ní dócha go bhfuil aon áit eile ar domhan a bhfuil oiread ballaí cloiche ná oiread cineálacha agus stíleanna ballaí cloiche ann agus atá ar Oileáin Árann.
- D'oirfeadh an cheardlann seo do thógálaí ballaí cloiche le cleachtadh mhaith ar an gceird agus don té atá ag foghlaim na ceirde.

Litreoireacht agus Greanadóireacht – Teanga na Cloiche gan Teorainn Ama ná Spáis

- Téann Greanadh Cloiche thar gach teorainn ar fud na cruinne. Chuaigh an duine, i ngach ré den saol agus i ngach cultúr, i muintín na cloiche ar mhaithe le hinscríbhinní agus dealbhóireacht a chruthú a sheasfadh an tsíoraíocht. Sa lá atá inniu ann, bíonn cos ag an ngreanadóir i saol na healaíne agus i saol na ceardaíochta, chomh maith le deis ar shaol ceirde ar bhonn tráchtála i mbun obair chuimhneacháin agus chomórtha. Ní gá aon chleachtadh roimh ré ar an gceird do cheachtar den dá cheardlann. Ba chóir dóibh siúd a bheidh páirteach iontu a theacht ar an oileán Déardaoin ionas gur féidir gach rud a bheith faoi réir le tosú luath maidin Dé hAoine!

discoverinisoirr.com





B

Ceardlann

Snoíodóireacht Alexandra Morosco

Dé hAoine, an 16 Meán Fómhair (9r.n. - 4i.n.)

Dé Sathairn, an 17 Meán Fómhair (9r.n. - 4i.n.)

Dé Domhnaigh, an 18 Meán Fómhair (10r.n. - 1i.n.)

■ Ceardlann dhian seo sa tsnoíodóireacht a thugann dóthain ama go díreach le buneolas a chur ar úsáid na n-uirlisí agus le tús a chur le saothar. Ba chóir do na rannpháirtithe a bheith ullamh leis an gcloch a thabhairt abhaile leo ag deireadh an chúrsa. Tá rogha maidir le hoibriú ar choincheapa agus ar an dearadh le cré potaireachta agus úsáid a bhaint as clocha cleachtaidh a chuirfear ar fáil don ghrúpa. Beidh cré ar fáil chun samhaltú a dhéanamh agus coincheapa a thástáil. Le casúir láimhe agus le siséil ar chloch bhog a dhéanfar an obair snoíodóireachta ar fad. Beidh roinnt áirithe uirlisí ar díol ar an láthair. Moltar do na rannpháirtithe a gcuid uirlisí a thabhairt leo chuig an gceardlann. Cuirtear ceisteanna faoi leith maidir leis na huirlisí a theastaíonn don cheardlann ar Alexandra féin: alex@moroscofinearts.com

Uirlisí snoíodóra a mholtar a thabhairt leat nó a cheannach ar an láthair:

Beidh an chuid is mó den obair á déanamh le huirlisí láimhe. Beidh roinnt uirlisí innill agus uirlisí aeroibrithe ar fáil ar mhaithe le deis taispeántais.

- Leabhar nótaí, pinn luaidhe, rubar scriosáin don obair líníochta agus le haghaidh nótaí
- casúr 1 nó 1-1/2 lb.
- bior singil cruach nó cairbíd tungstain. (1/2" or 5/8")
- ar a laghad dó nó trí de shiséil chothroma (moltar siséil chairbíd tungstain, 1/4", 1/2", 5/8")
- Ar a laghad dhá shiséal ladhrach (garbh/mín)

discoverinisoirr.com





B

Caint Réamhráiteach

How Do We Make Our Mark? le Alexandra Morosco

Dé hAoine, an 16 Meán Fómhair

9.30r.n. - 10:00r.n.

- Fágann lucht amharcealaíne, ceardaíochta, ailtreachta agus tógála a lorg ar an domhan go haiceanta. Tuige an fonn sin orainn agus tuige a músclaíonn sin muid? Inscríbhinn shimplí nó saothar dealbhóireacht a lán le siombail, tá gné an talisman ag rith le gach saothar dá gcrutháimid. “Críochnú” atá i gceist le teleo, bun an fhocail ‘talisman’ sa Ghréigis. Trí mheán na cloiche, déanfar iniúchadh ar an ní is mian linn a chur in iúl agus Talisman dár gcuid féin á chruthú againn, más mór nó beag an saothar. Ón tseanaimsir anall, tá an íomhánna nithe aiceanta in úsáid ag an duine i mbun scéalaíochta, i mbun cumhacht speisialta a tharraingt chucu féin nó labhairt leis an neach osnádúrtha; is iondúil gurb iad na híomhánna atá “greanta i gcloch” is bithsheasmhaí. Cén scéal atá le cur in iúl agatsa? An mó nó an lú an tábhacht atá leis sa lá atá inniu ann? An mar a chéile an aird atá ar nithe agus ar nithe a dhéanamh sa bhliain 2016 agus a bhíodh ón tseanreacht anuas?

Is iad na rannpháirtithe atá freagrach as a saothar féin a thabhairt ó láthair na ceardlainne.

Nóta: tá teorainneacha meáchain i bhfeidhm maidir le bagáiste agus beartáin ar eitleáin Aer Árann.

discoverinisoirr.com





Ceardlann

Greanadh Litreoireachta le Tom Little



Dé hAoine, an 16 Meán Fómhair (9r.n. - 4i.n.)

Dé Sathairn, an 17 Meán Fómhair (9r.n. - 4i.n.)

Dé Domhnaigh, an 18 Meán Fómhair (10r.n. - 1i.n.)

- Ceardlann seo a oireann don rannpháirtí atá gan cleachtadh ar bith ar an gceird agus don cheardaí le beagán cleachtaidh. Cibé an é seo an chéad uair duit tabhairt faoi nó más mian leat do scileanna a fheabhsú, seo í an cheardlann duitse.
- Treoróidh Tom Little, máistircheardaí greanadh litreoireachta, daoine trí na céimeanna ar fad a bhaineann le saothar beag litreoireachta a chruthú ionas gur féidir leo sin a thabhairt abhaile leo. Beidh teimpléid ar fáil ar féidir roghnú eatarthu ionas go mbrostaítear leis an dearadh agus leis an leagan amach, nó is féidir focal nó inscríbhinn de do chuid féin a thabhairt leat. Ar na hábhair a phléifear, beidh: cruthanna litreacha a tharraingt, dearadh agus leagan amach, ullmhú an dromchla, modhanna oibre maidir le litreacha a ghreanadh, siséil a úsáid agus aire a thabhairt dóibh. Bheifí ag tnúth gur spreagadh a bheadh sa cheardlann seo duit ionas go ndéanfaí staidéar agus cleachtadh breise ar an gceird bhuan sheasmhach seo.

Cloch

Beidh réimse cineálacha éagsúla cloiche ar fáil agus iad ar mhéideanna éagsúla.

Uirlisí

Siséil litreoireachta: Siséil litreoireachta Guillet Europ 4mm, 6mm, 8mm agus 10mm
Casúr sairseachta 600grm

discoverinisoirr.com





Ceardlann

**Letter Carving Past & Present
by Tom Little**

Dé hAoine, an 16 Meán Fómhair

9.00r.n. - 9.30r.n

■ Caint ina dtugtar buneolas ginearálta faoi ghreanadh litreoireachta le léaráidí maidir le samplaí suntasacha ón tseanreacht agus ón am i láthair.



discoverinisoirr.com



CUNTAIS BEATHAISNÉISE

SEAN ADCOCK

Tá Sean ina bhall den Dry Stone Walling Association of Great Britain agus teastas an Mháistircheardaí aige ón gcumann sin. Tá cónaí air i dtuaisceart na Breataine Bige agus é i mbun oibre ansin le 30 bliain ag cur caoi agus cóir ar sheanbhallaí garanta den chuid is mó. Tá sé ar dhuine d'údair "Dry Stone Walling", a bhfuil de chlú air gurb é an treoirleabhar praiticiúil is fearr é faoin gceird, agus is é a scríobh "Stonework". Tá ballaí déanta ar fud na Ríochta Aontaithe ag Sean ag glacadh páirte dó i gcomórtais de chuid an DSWA. Tá sé éirithe as an iomaíocht faoin tráth seo ach tháinig sé sa dara háit faoi dhó i gcaobhchomórtas an Grand Prix agus bhuaigh sé 36 comórtas do shaortha proifisiúnta le cineálacha éagsúla cloiche ar fud na Breataine Bige agus ó na Cotswolds go Yorkshire. Tá sé ina bhall freisin de Stone Foundation sna Stáit Aontaithe mar a mbíonn sé ina theagascóir ar chúrsaí éagsúla. Níos luaithe sa samhradh bhí sé ar an bpríomhthógála nuair a rinne Stone Foundation athchóiriú ar Opus 40, ceann de na saothair dealbhóireacht a créthógála is tábhachtaí ar domhan atá ainmnithe ar liosta na US Historic Places.

NICK AITKEN

Fear tógála claíocha agus díoga cloiche é Nick atá lonnaithe i nGarbhchríocha na hAlban. Chaith sé 21 bliain ag obair do Chomhairle na Gaidhealtachd le cineálacha éagsúla cloiche ar fud cheantar Ghaeltacht agus Oileáin na hAlban. Ball proifisiúnta den Dry Stone Walling Association atá ann, le cáilíochtaí máistircheardaí, teagascóra agus scrúdaitheora.

Ó thaobh ballaí a dhéanamh thar lear, d'oibrigh sé ar thograí i New England, Kentucky, sa Pacific Northwest i Meiriceá agus san Ostáir. Is ábhar mórtais ag Nick baint a bheith aige leis an Dry Stone Wall Association of Ireland agus leis an togra 'Gathering of Stones'.

NIGEL COPSEY

I gCorn na Breataine a thosaigh Nigel ag tógáil ballaí cloiche go ndeachaigh sé faoi oiliúint ina shaor cloiche agus ina shnoíodóir i Weymouth College sa bhliain 1989. Tá sé ag obair ó shin le tionscal an chaomhantais de chuid is mó ar fud dheisceart agus iardheisceart Shasana

chomh maith le hoibriú go rialta ón mbliain 1999 i leith i Vermont sna Stáit Aontaithe agus in Granada, Andalucía. Bhí Nigel ina shaor cloiche comhairleach maidir leis an Irish Hunger Memorial in Battery Park City, Nua-Eabhrac, sa bhliain 2001. Tá sé ag obair go rialta ón tráth sin anall ina chomhairleoir agus ina oibrí maidir le foirgníocht a chaomhnú agus caoi a chur ar fhoirgnimh éagsúla, de chineál an ghnáthdhuine agus de chineálacha lucht ardstádaí, i dtuaisceart Yorkshire, ina chomhairleoir caomhnú foirgníochta ag an Fitzwilliam Estate i Malton, i mbun dearthóireachta, sonraíochta agus saoirseachta ar thograí móra le caoi a chur ar fhoirgnimh stairiúla ar fud an bhaile mhóir, chomh maith le hobair taighde, dearthóireachta agus sonraíochta a dhéanamh ar roinnt tograí caomhnúcháin agus deisiúcháin do Natural England, mar shampla ag Scampston Hall an togra is deireanaí acu. Tá ábhar foilsithe ag Nigel in imleabhair éagsúla sa tsraith *Historic England Practical Conservation* a cuireadh amach le gairid.

Is ball dúthrachtach Nigel den SPAB chomh maith le Creidiúnú Gairmiúil a bheith aige maidir le Caomhnú-Athchóiriú. Seasann sé go daingean le hábhar traidisiúnta a úsáid nuair a bhítear ag cur caoi ar sheanfhoirgnimh nó á ndeisiú agus le meascán te moirtéal aoil den chineál céanna leis an seanchineál a úsáid de ghnáth. Oibríonn sé go minic le Historic England agus le páirtnéirí idirnáisiúnta i mbun cúrsaí praiticiúla oiliúna agus oideachais a chur ar fáil maidir le húsáid oilte a bhaint as moirtéal aoil beo i mbun obair deisiúcháin ar fhoirgnimh stairiúla. Tá sé ina Chomhalta Taighde i Roinn na Seandálaíochta i York University mar a gcuireann sé traenáil i scileanna traidisiúnta maidir le moirtéal aoil agus cré le meascán te ar fáil chomh maith le bheith i mbun mhodúl na Scileanna Praiticiúla do chéim an MA i Léann an Chaomhantais. Ghnóthaigh Nigel céim BA (Onóracha) in Eolaíocht na Polaitíochta sa University of York agus Diplóma Iarchéime maidir le Caomhnú Foirgníochta i Bournemouth University.

www.nigelcopsy.com

Barry Feely

I Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin a rugadh Barry Feely sa bhliain 1940 agus chuaigh ocht nglúin de shaortha cloiche roimhe. Tosaigh sé ag

obair sa chlós cloiche sa bhliain 1955 agus d'éirigh leis féin agus a dheartháir Pat an comhlacht a thabhairt chun cinn go bhfuil ag obair ar fud na tíre agus 120 duine fostaithe ann. Faoin tráth seo, tá sé éirithe as baint a bheith aige go díreach le gnó an teaghlaigh, a bhfuil an deichiú glúin páirteach ann anois, agus é fillte ar an gcuid eile dá dhúchas i mbun ceardaíochta ag cuidiú leis an obair a dhéanann an comhlacht ag cur caoi ar altóirí.

Tá ceithre cinn de leabhair foilsithe aige go dtí seo: *A Technical Guide to Irish Blue Limestone* (Comheagarthóir), *The Feely Family Story*, *The Killoran Martin Family Story* agus *Great Characters – Stories of Wit & Laughter*.

Alexandra Morosco

Le cruth an duine is mó a oibríonn Morosco. Déanann sí saothair mhóra agus saothair níos lú agus níos pearsanta. Saothar fáthchiallach a dhéanann sí agus visceral storytelling a thugann sí ar a saothar. Is minic gur cruth an duine a úsáideann sí mar an modh scéalaíochta. Tá Alexandra i mbun snoíodóireacht cloiche ón mbliain 1990 i leith, agus tá sí ag obair le cúrsaí oideachais, maidir le hionaid teagaisc agus le siompóisiaim faoi obair chloiche a eagrú, ón mbliain 1998 i leith. Tá sí ag obair faoi láthair ar shraith saothar faoin teideal: “Evoking Ireland”, machnamh dealbhóireacht a ar na tréithe is tréine a fheictear di a bheith ag rith le muintir na hÉireann, le háiteanna faoi leith in Éirinn agus leis an taobh tíre; ábhar seo a chorráíonn a croí go mór agus is treise arís sin ó rinne sí leacht cuimhneacháin d’iascairí a cailleadh ar an bhfarraige a shaothrú sa bhliain 2013. Bhí Alexandra freisin ina healaíontóir cónaitheach in Áras Éanna in Inis Oírr, fómhar na bliana 2014, agus tháinig sí go hÉirinn arís sa bhliain 2015 le hoibriú ar an leacht cuimhneacháin a choimisiúnaigh na Náisiúin Aontaithe do Chaomhán Seoighe as Inis Oírr. Tuigtear ina croí di faoin tráth seo gur in Inis Oírr atá an dara baile aici. Cónaíonn sí faoi láthair in iarthuaisceart S.A.M. ar Whidbey Island i gcomharsanacht Seattle. Tá breis eolais ar fáil ar www.moroscofinearts.com.

Tom Little

Rugadh Tom Little i mBaile Átha Cliath agus d’fhás sé aníos i mBéal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe. Tá a mhuintir i mbun obair chloiche le fada fada. Cé gur le snoíodóireacht litreacha is mó a cheapann sé a chuid ceardaíochta féin, tá cleachtadh mhór aige freisin ar ghearradh cloiche, ar shnoíodóireacht cloiche, ar shaoirseacht ballaí cloiche, ar dhearadh táirgí agus ar chúrsaí oiliúna. Tar éis dul faoi oiliúint le Roe & O’Neill i mBaile Átha Cliath, chaith Tom Little tamall ag foghlaim faoi shnoíodóireacht litreacha leis an dealbhóir agus an snoíodóir litreacha Michael Biggs. Chuaigh an tréimhse oiliúna sin i gcion go mór air ó thaobh a theacht in inmhe mar cheardaí.

Tá cuid mhór saothar déanta ar coimisiún aige ar fud na hÉireann. Tá sé ar dhuine de na comhaltaí a bhunaigh Ceardchualacht Snoíodóirí Litreacha na hÉireann.

Oibríonn Tom Little freisin ina theagascóir le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ag cur cúrsaí ar siúl faoi thógáil ballaí cloiche traidisiúnta agus faoi shaoirseacht cloiche.

Pat McAfee, Saor Cloiche

Patrick McAfee (Baile Átha Cliath, Éire) saor cloiche agus údar ‘Irish Stone Walls’, ‘Stone Buildings’ agus ‘Lime Works’. Tá Patrick ina chomhalta boird/stiúrthóir ar The Stone Foundation (USA) agus ar Building Limes Forum Ireland. Oibríonn sé le moirtéal aoil (meascán téite) agus i mbun saoirseacht cloiche ar fud na hEorpa agus Mheiriceá Thuaidh.



Cé dó ar fiú a theacht?

Lucht Ballaí Cloiche, Feirmeoirí, Úinéirí Talún, Ailtirí, Lucht Tógála agus Lucht Ceirde, Seandálaithe, Lucht Foirne na nÚdarás Áitiúil, Rannpháirtithe ar Scéimeanna Sóisialta Tuaithe, Fostaithe de chuid Bhord Turasóireachta na hÉireann, Daoine ar spéis leo an Stair Áitiúil, Pleanálaithe REPS / AEOS agus daoine ar bith ar spéis leo ballaí cloiche.

Taisteal go hInis Oírr

Ní mór do lucht freastail na gceardlann a gcuid socruithe taistil féin go hInis Oírr a dhéanamh. Tá comhlacht bád farantóireachta amháin a oibríonn idir Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe agus Inis Oírr agus tá comhlachtaí eile ag oibriú idir Dubhlinn, Contae an Chláir agus Inis Oírr.

Báid Farantóireachta

Seo a leanas na sonraí comhfhreagrais:

Aran Island Ferries: Teil: +353(0)91 568903
www.aranislandferries.com

Doolin Ferry: Teil: +353(0) 65 707 5555
+353 (0) 65 707 1710
www.doolinferry.com

Moch agus Mall: Liam @ 087 958 1465
Ríomhphost: info@doolinferry.com

Doolin 2 Aran Ferry: Teil: +353 65 7075949
www.doolin2aranferries.com
Fón póca: +353 87 2453239
Ríomhphost: info@doolin2aranferries.ie

Eitleáin

Is féidir eilt le Aer Árann as Indreabhán i gConamara, Co. na Gaillimhe.

Aer Árann

Teil: +353(0)91 593034
www.aerarannislands.ie

Accommodation

Tugtar faoi deara: Moltar duit lóistín agus taisteal a chur in áirithe sula ndéantar an cúrsa a chur in áirithe. Féach an liosta de dhaoine a chuireann lóistín agus modhanna taistil ar fáil.

Déan do chuid socruithe féin freisin, le do thoil, maidir le béile an tráthnóna

discoverinisoirr.com



Leaba & Bricfeasta in Inis Oírr Bed & Breakfast in Inis Oírr

Baile an Fhormna / Formna Village

Caitríona Uí Chatháin
Guthán +353 (0)99 75090
Ceadaithe ag Fáilte Éireann

Máire Ní Fhlatharta
Guthán +353 (0)99 75083

Baile Thiar / West Village

South Aran House
Guthán +353 (0)99 75073
Ceadaithe ag Fáilte Éireann

Ostán Inis Oírr
Guthán +353 (0)99 75020
Ceadaithe ag Fáilte Éireann

Brú/Hostel
Guthán +353 (0)99 75024
Ceadaithe ag Fáilte Éireann

Máire Searraigh
Guthán +353 (0)99 75024

Máire Foley
Guthán +353 (0)99 75037

Barbara Uí Chonghaile
Guthán +353 (0)99 75025

Baile an Chaisleáin / Castle Village

Bríd Póil
Guthán +353 (0)99 75019
Áine Uí Ghríofa
Guthán +353 (0)99 75983

Baile an tSéipéil / Chapel Village

Bernie Uí Dhonncha
Guthán +353 (0)99 75088
Pádraig Ó Donncha
Guthán +353 (0)99 75000

Baile an Lurgain / Lurgan Village

**Tigh Ruairí Ó Conghaile
(Rory's B&B):**
Guthán +353 (0)99 75002
www.tighruairi.com

Bríd Brennan
Guthán +353 (0)99 75125

Áras ar Cíos

Tá liosta iomlán de na hárais is féidir a thógáil ar cíos ar fáil ar:
[discoverinisoirr.com/
accommodation/
selfcatering/](http://discoverinisoirr.com/accommodation/selfcatering/)

Béile an Tráthnóna

Is féidir béile an tráthnóna a chur in áirithe sna hionaid seo a leanas:

Tigh Ruairí: 099 75002
www.tighruairi.com

Ostán Inis Oírr: 099 75020
www.hotelinisoirr.com

South Aran House: (trí áirithint amháin) 099 75073
www.southaran.com

Eolas Faoi Inis Oírr agus Faoi Sheirbhísí ar an Oileán

Comhfhreagras: Comhar Caomhán Teo, Inis Oírr, Árann, Co. na Gaillimhe.

Guthán: +353 (0)99 75008

Facs: +353 (0)99 75071

Gréasán: www.discoverinisoirr.com

Recommendations & Advice

Recommendations & Advice for All Participants

It is recommended that Course Participants are suitably dressed for the workshop and wear steel toe-capped boots, sturdy shoes or walking boots, work gloves and dress for the weather.

Recommendations & Advice for Stone Carving / Lettering Participants

Supplies: Stone & Tools

Please bring or expect to purchase new tools for working hands-on your own project

Recommended tools to bring or purchase:

- Most of our work will be completed with hand tools. We will have some power and pneumatic tools available for demonstration
- Notebook, pencils, eraser for sketching and notes
- 1 or 1-1/2 lb. hammer
- Single steel or tungsten carbide point. (1/2" or 5/8")
- Minimum of two or three flat chisels (we recommend tungsten carbide, 1/4", 1/2", 5/8",)
- Minimum two claw (tooth) chisels (rough/fine)

discoverinisoirr.com



FOIRM CHLÁRÚCHÁIN

Líontar isteach an fhoirm le BLOCLITREACHA agus seoltar ar ais leis an íocaíocht í chuig:
Stone Workshop 2016, f/ch Gráinne Smyth Uasal, Pleanáil chun Cinn, Áras an Chontae,
Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh, Éire.
Teil: +353(0) 91 509121 Ríomhphost: gsmlyth@galwaycoco.ie

Moltar fótachóip den fhoirm seo a choinneáil duit féin.

Teideal: _____ Sloinne: _____ Ainm: _____

Seoladh: _____

Teil: _____ Ríomhphost: _____

Táille Clárúcháin: € _____

Cuir tic sa bhosca cuí...

Ceardlann A

TÓGÁIL BALLAÍ CLOICHE

Táille Iomlán don Cheardlann

Na léachtaí ar fad, na taispeántais ar fad,
tae/caifé agus lón

Aoine go Domhnach san áireamh €75

Páirt-táille don Cheardlann

Dé hAoine

Léachtaí/ceardlann, tae/caifé
agus lón €25

Dé Sathairn

Ceardlann, tae/caifé agus lón €25

Dé Domhnaigh

Ceardlann, tae/caifé agus lón €25

Iomlán: € _____

Ceardlann B

SNOÍODÓIREACHT

Na léachtaí ar fad, na taispeántais
ar fad, tae/caifé agus lón. Aoine
go Domhnach san áireamh

NB: Tá teorainn le líon na
n-áiteanna ar an gceardlann
seo. Níl aon pháirt-táille i gceist
maidir leis an gCeardlann seo

**Táille Iomlán don Cheardlann:
€100**

Ceardlann C

GREANADH LITREOIREACHTA

Na léachtaí ar fad, na
taispeántais ar fad, tae/caifé
agus lón. Aoine go Domhnach
san áireamh

NB: Tá teorainn le líon na
n-áiteanna ar an gceardlann
seo. Níl aon pháirt-táille
i gceist maidir leis an
gCeardlann seo

**Táille Iomlán don
Ceardlann: €100**

Seolaim leis seo seic/dréacht bainc dar luach € _____ (Euro) atá le híoc 'Galway County Council -Stone
Workshop 2016' agus atáim a sheoladh chuig Stone Workshop, f/ch. Gráinne Smyth Uasal, Pleanáil Chun Cinn,
Áras an Chontae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh, Éire

Síniú: _____ Dáta: _____/_____/_____

Conas a chuala tú faoin gcomhdháil? Tríd an bPost Fógra Ar an Idirlíon Eile

An chúis atá agat féin le teacht i láthair...

.....
.....
.....

Íocaíocht

Ní mór an íocaíocht a dhéanamh in airgeadra an Euro.
Ba chóir seiceanna a dhéanamh amach le hóc le:
'Comhairle Chontae na Gaillimhe – Ceardlann Ballaí Cloiche'.

Iarratas ar Ceal

Déanfar aisíoc táillí (lúide táille riaracháin €20) ar
choinníoll go bhfaightear fógra i scríbhinn faoin
iarratas a chur ar ceal faoin 9 Meán Fómhair 2016
Ní dhéanfar aisíoc ar bith tar éis an dáta sin.

Fiosrúcháin

Marie Mannion Uasal,
Oifigeach Oidhreachta,
Pleanáil chun Cinn,
Áras an Chontae,
Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Cnoc na Radharc, Gaillimh
Teil: 00353 91 509198
Ríomhphost: mmannion@galwaycoco.ie

Gráinne Smyth/ Marian Donohue
Pleanáil chun Cinn,
Áras an Chontae,
Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
Teil: 00353 91 509121/509165
Ríomhphost: gsmyth@galwaycoco.ie
nó mndonohue@galwaycoco.ie
Láithreán Gréasáin: www.galway.ie
Beart de chuid Oidhreachta Chontae na Gaillimhe

Galway County Council

Galway County Council is responsible for the
administrative area of County Galway,
excluding Galway City. The Council is responsible for the
planning, design and construction of roads, water supply
schemes, drainage facilities, housing, fire stations,
libraries and burial grounds. It is the custodian of the
environment and through its planning and environment
policies seeks to enhance the county while protecting
its unique character and atmosphere. It also plays an
active role in the development of the county's industrial,
business, social, arts, heritage and cultural affairs.

Comhairle Chontae na Gaillimhe

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as
ceantar riaracháin Chontae na Gaillimhe, seachas
ceantar Chathair na Gaillimhe. Tá an Chomhairle
freagrach as pleanáil, dearadh agus tógáil bóithre,
scéimeanna soláthar uisce, saoráidí draenála,
tithíocht, stáisiúin dóiteáin, leabharlanna agus reiligi.
Is caomhnóir an chomhshaoil í an Chomhairle agus
déanann sí iarracht, trína polasaithe pleanála agus
comhshaoil, feabhas a chur ar an gcontae chomh maith
lena thréithe agus a atmaisféar uathúil a chosaint. Tá
ról gníomhach aici chomh maith
maidir le forbairt gnóthaí tionscail, gnó, sóisialacha,
ealaíon, oidhreachta agus cultúir an chontae.

Comhar Caomhán Teo

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Caomhán
Teo atá ag feidhmiú ar Inis Oírr ó 1971. Tá ról lárnach
ag an gComharchumann i bhforbairt an oileáin – idir
forbairtí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha. Tá ról
ceannasaíoch ag Comhar Chaomhán Teo. i gcur chun
cinn agus i mbainistiú áiseanna éagsúla ar an oileán.
Tá ról láidir stocaireachta ag an gcomharchumann
ag plé leis na ranna stáit éagsúla agus feidhmíonn an
comharchumann mar bhrúgrúpa agus mar ghuth
láidir do mhuintir an oileáin. Tuilleadh eolais le fáil ar
discoverinisoirr.com

Comhar Caomhán Teo

Comhar Caomhán Teo is a community development
cooperative operating in Inis Oírr since 1971. It has
a central role in the economic, social and cultural
development of the island. Comhar Caomhán Teo has
a leading role in developing and managing various
facilities on the island. It has a vibrant role in dealing
with various state departments and the cooperative
acts as a voice and lobby group on behalf of the island
community.
Further information at
discoverinisoirr.com

discoverinisoirr.com



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



GAILEARAÍ



